

# Cód Smachta na Scoile

## Ráiteas

Athbhreithniú ar an bpolasaí smachta a rinne an scoil ó 2000. Bhí foireann na scoile ar fad i láthair.

## Bunchúiseanna

Déanadh cinneadh athbhreithniú a dhéanamh ar an gcód smachta a bhí sa scoil cheana. Tuigeann an foireann an gá atá le polasaí éifeachtach. Tá sé riachtanach polasaí smachta a bheith ag an scoil.

## An Polasaí i gcómhthéacs na scoile seo

Is scoil Chaitliceach í Scoil Éinne le béim ar fhorbairt iomlán an pháiste. Cuirtear béim ar luachanna Críostúla, cothaítear atmaisféar sona ionas go mbeidh seans á thabhairt do chuile pháiste sa gcaoi go dtiocfaidh forbairt ar a c(h)umas nádúrtha de réir a ráta luais féin. Tá comhoibriú idir múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí an -tábhachtach i ngach gné d'obair na scoile.

## Aidhmeanna

- Ionas go mbeadh an scoil ag feidhmiú go héifeachtach agus go hordúil.
- Atmaisféar a chruthú ionas go mbeadh gach páiste in ann dul chun cinn a dhéanamh i ngach gné dá fhorbairt agus de réir a ráta luais féin.
- Go mbeadh cultúr sa scoil a chothódh dea- thoil, ómós agus meas.
- Iompar dearfach a chothú le féinsmacht a fhorbairt .
- Go mbeadh an scoil sábháilte do chuile dhuine.
- Le cabhair a thabhairt do thuismitheoirí agus daltaí na scoile an cód smachta a thuiscint agus comhoibriú a lorg i gcur i bhfeidhm na geleachtas a bhaineann leis.
- Go mbeidh an córas rialacha, duaiseanna agus piónós á chur i bhfeidhm go cothrom agus go rialta.

## Stráitéisí

- Tá comhoibriú láidir ag teastáil ó mhúinteoirí, scolairí agus tuismitheoirí chun an polasaí a chur i bhfeidhm.
- Mar gur duine ar leith é gach páiste ní mór é a mheas as a luach fhéin agus éagsúlacht deiseanna a chur ar fáil dóibh le forbairt a dhéanamh ar a chumas nádúrtha féin.
- Glactar leis go coitianta, má tá cothrom na féinne le fáil ag an dalta bunscoile, go bhfuil gach ceart aige/aici an t-oideachas a fháil i dtimpeallacht atá chomh saor agus is féidir ó hiompar a chuireann as don fhoghlaim.
- Déanfar gach iarracht dea- ghaol a chothú le tuismitheoirí agus caithfear go cneasta cineálta leis na daltaí i gcónaí.
- Tá súil go mbeidh gach dalta deábhéasach agus múinte i gcónaí agus meas a thaispeáint do dhaltaí agus daoine fásta.
- Níor chóir go mbeadh gá le drochtheanga, eascainí nó bulaíocht (féach cód Frith Thromaíochta na Scoile)
- Mar go bhfuil meas againn orainn féin agus timpeallacht na scoile ní dhéanfar damáiste d'fhearas, troscáin nó d'aon rud a bhaineann le haon duine sa scoil.

## Rialacha an tSeomra Ranga

Beidh muid múinte dea- bhéasach i gcónaí.

Éisteoidh muid go cúramach.

Déanfaidh muid iarracht treoracha an mhúinteora a leanacht.

Ionas go mbeidh cothrom na féinne le fáil ag chuile dhuine.

Ní chuirfidh muid isteach ar obair an ranga.

Níl luascadh ar chaothaoireacha nó dreapadh ar bhoird ceadaithe.

Siúl amháin a bhéas taobh istigh sa scoil.

Obair bhaile rialta a bheith déanta. (féach polasaí obair bhaile).

### **Rialacha an chlóis**

Caithfidh chuile dhuine glacadh le rialacha an chlóis.

Tá meas agus ómós le tabhairt do chuile dhuine ar an gclós.

Caithfear fanacht taobh istigh de theorainn na scoile.

Siúl isteach agus amach i líne go ciúin béasach i gcónaí.

Ní bheidh aon liathróidí ag an gcéad sos.

Ná bíodh aon rud contúirteach ar siúl sa gclós.

Caithfear línte a dhéanamh ar an bpointe a bhuaileann an clog.

Teastaíonn nóta ó thuismitheoir má tá aon duine le fanacht istigh ag am sosa. Ní mholtar go mbeadh aon duine istigh más féidir.

### **An Leithreas**

Moltar dul chuig an leithreas sula dtéann tú amach sa chlós agus idir ranganna. Ní cheadófar ach duine amháin dul chuig an leithreas ag an am. Tá glaineacht phearsanta, tábhachtach.

Nigh do lámha agus tóg cith roimh agus tar éis snámha.

### **An Bus**

Siúl isteach agus amach as an mbus duine i ndiaidh duine.

Fanacht ina suí sna suíocháin agus an crios sábháilte a chaitheamh don aistear iomlán.

Níl cead seasamh suas ná iompú siar ar chúiseanna sábháilteachta. Ná cuirtear isteach ar an tiomanáí bus ag am ar bith agus ná déan aon damáiste don bhus.

Bailítear suas aon bhruscar ag deireadh an aistir.

### **Stráitéisí Smachta**

- Beidh béim ar mholadh le hatmaisféar dearfach i leith na foghlama a chothú.
- Focal ciúin nó gníomh molta.
- Leide/nóta sa chóipleabhar.
- Moladh ón bPríomhoide.
- Moladh os comhair an ranga nó os comhair na scoile ag tionól.
- Gradam ranga, pointí, réalta nó a leithéid.
- Pribhléid nó dualgas speisialta a thabhairt.
- Focal scríofa sa dialann chuig an thuismitheoir.

### **Áfach uaireanta beidh stráitéisí eile ag teastáil**

- Déanfar réasúnaíocht leis an ndalta.
- Tabharfar foláireamh dó/dí.
- Scarfar ó dhaltaí eile é.
- Tabharfar obair bhreise dhó/dí.
- Más gá cuirfear in iúl don Phríomhoide é.
- Déanfaidh an múinteoir ranga teagmháil leis na thuismitheoirí.
- Múna bhfuil réiteach faighte nó go leanann an frithiompar déanfaidh an Príomhoide teagmháil leis na thuismitheoirí le cruinniú a shochrú leis an bPríomhoide, an muinteoir ranga agus na thuismitheoirí.
- Socrófar piónós oiriúnach.
- Beidh leabhar nótaí ag chuile mhúinteoir agus coinneofar cuntas ar aon eachtraí smachta.

- Má leanann an drochiompar cuirfear ar fionraí é/í nó fiú díbirt as an scoil ag leanúint Rialacha na Scoileanna Náisiúnta agus an Acht Leasa Oideachais 2000.
- Déanfar teangmháil leis an tuismitheoir ó bhéal, tríd an dialann scoile, an fón nó i bhfoirm litreach.

### **Fíontaí/Díbirt**

- Sula dtógfar aon chéim thromchúiseach cosúil le fionraí nó díbirt déanfar teangmháil leis na tuismitheoirí tríd na gnáthbhealaí cumarsáide, ó bhéal nó i scríbhinn.
- Má tá fíor droch iompar nó frith- iompar seasmhach cuirfear cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta ar an eolas.
- Tugfar cuireadh do na tuismitheoirí i scríbhinn teacht go dtí an scoil agus casadh leis an gCathaoirleach agus an Príomhoide.
- Muna dtugann na tuismitheoirí gealltanais go dtiocfaidh feabhas ar iompar an dalta is féidir é/í a chur ar fionraí ar feadh tamaill.
- Sula ndéanfaí é seo d'fheadfadh an Príomhoide athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás leis na múinteoirí ag tógáil san áireamh na heachtraí ar fad a tharla, pátrún agus comhthéacs na n-eachtraí, smachtbhannaí agus eadráin a deineadh, an toradh a bhí orthu chomh maith le haon eolas sláinte a bheadh baint aige leis an drochiompar.
- I gcás fíor drochiompar a chuirfeadh isteach ar chóras smachta na scoile, nó a chuirfeadh daltaí eile i mbaol, is féidir leis an mBord údarais a thabhairt don Bhainisteoir nó don Phríomhoide dalta a chur ar fionraí láithreach ar feadh tréimhse nach mbeidh níos faide ná trí lá, tar eis plé a dhéanamh leis na tuismitheoirí.

Is féidir dalta a dhíbirt ón scoil i gcás an -thromchúiseach agus de réir an Acht Oideachais 2000 agus rialacha na mBunscoileanna. Sula ndéanfaí dalta a dhíbirt nó a chur ar fionraí ní mór don Bhord é a chur in iúl i scríbhinn don Oifigeach Leasa Oideachais Áitiúil de réir mír 24 den Acht Oideachais.

Tá sé de cheart ag tuismitheoir achomharc a chur os comhair Runaí Ginearálta na Roinne Oideachais i gcoinne cinnithe áirithe ó Bhoird Bainistíochta m.sh .Fionraíocht lánaimseartha ón scoil nó fionraíocht a mbeadh 20 lá scoile in aon scoilbhliain i gceist ann.

Cuirfidh an scoil in iúl na cearta seo don tuismitheoir.

Is féidir an achomharc a dhéanamh taobh istigh de 42 lá ón am ar chur an scoil in iúl don tuismitheoir é.

Tar éis, nó i rith an ama a bheadh dalta ar fionraí tá sé de cheart ag tuismitheoir iarraidh ar an scoil é/í a thógáil ar ais.

Caithfidh an tuismitheoir geallúint a thabhairt go leanfaidh sé cód smachta na scoile agus caithfidh an Príomhoide a bheith sásta nach mbeidh an dalta ina chontúirt dhó fhéin nó do dhailtaí/múinteoirí eile. Cuirfear plean iompar ar fáil má theastaíonn sular ligfear go foirmeálta ar ais sa rang é.

### **Roimh/Tar éis Scoile.**

Ní ghlacann an scoil freagracht as aon dalta roimh 8:50 a.m. agus tar éis 2:40 p.m.

### **Ról an Bhoird Bainistíochta**

Áit shábháilte foghlama a sholáthar.

Tacaíocht a thabhairt don fhoireann agus don Phríomhoide i gcur i bhfeidhm an chóid smachta.